aimsire agus forbartha a sholáthar do leanaí lasmuigh d'uaireanta scoile agus le linn laethanta saoire. Tá an riachtanas seo ann de bharr rannpháirt mhéadaithe na mban san fhórsa saothair agus laghdú an tsoláthair d'ionad páirtaimseartha le haghaidh cúraim leanaí. D'fhéadfaí an soláthar seo a dhéanamh in áitribh scoile nó i bhfoirgnimh phobail.

Éilíonn forbairt na hearnála seo go ndíreofaí aird ar na riachtanais oiliúna atá ag cúramóirí leanaí a oibríonn le leanaí 6-12 bhliain d'aois.”

B.5 Chuir PFN 2000-2006 (PFN) na hachmainní airgid ar fáil chun go n-éascófaí forbairt chúraim leanaí mar bheart cuimsitheachta sóisialta agus mar bheart chun deiseanna a chruthú don fhórsa saothair. Ionchorpraíodh an Clár Comhdheiseanna um Chúram Leanaí 2000-2006 (CCCL) mar Fho-Bheart tábhachtach de na Bearta Cuimsitheachta Sóisialta a bhí i ngach Clár Réigiúnach Oibríochta den PFN. Tairgeann an Clár creat ina bhfuil gach gné soláthair de chúram leanaí á cur chun cinn de réir moltaí Shainghrúpa Oibre C2000.

B.6 Rinne Sainghrúpa Oibre C2000 sraith moltaí freisin maidir leis na struchtúir a d'oirfeadh chun forfheidhmiú a chuid moltaí a mhaoirsiú. Tá roinnt Fo-Ghrúpaí agus Grúpaí Oibre bunaithe ag an gCoiste Comhordaithe Náisiúnta um Chúram Leanaí (CCNCL) chun tabhairt faoi shaintascanna. Orthu seo tá an Grúpa Oibre um Chúram Leanaí d'Aois Scoile.

C. Cad is Cúram Leanaí d'Aois Scoile?

C.1 Is coincheap measartha nua i sochaí na hÉireann é “Cúram Leanaí d'Aois Scoile” atá ionadhbunaithe, cé go raibh seo ar fáil go forleathan ar fud mhórthír na hEorpa le blianta agus gur tháinig méadú measartha mór ar an soláthar sa Ríocht Aontaithe (RA) le blianta beaga anuas.

C.2 Ní furasta sainmhíniú foirmeálta a thabhairt ar chúram leanaí d'aois scoile. Níl sainmhíniú idirnáisiúnta ann a bhfuil glacadh coitianta leis, toisc, den chuid is mó, go bhfuil modhanna éagsúla cúraim leanaí agus bunscolaíochta tagtha chun cinn i dtíortha éagsúla agus líne idirdhealaithe eatarthu. I mórán tíortha Eorpacha is gnách go dtosaíonn leanaí sa bhunscoil ag aois níos sine ná leanaí na hÉireann agus mar sin de is lú an fhadhb a bhíonn ag tuismitheoirí teacht ar ghné eile cúraim dá leanaí, go mbíonn na leanaí sin sé nó seacht mbliana d'aois.

C.3 Ina thuarascáil i 1996, rinne Gréasán Choimisiún na hEorpa um Chúram Leanaí cur síos ar sheirbhísí Cúraim Leanaí d'Aois Scoile mar

“seirbhísí a ghlacann freagracht as leanaí nuair a bhíonn an scoil thart agus gan na tuismitheoirí ar fáil – toisc go bhfuil siadsan ag obair, nó ar chúiseanna eile”

C.4 Sa chomhthéacs Éireannach, is gá áis chúraim leanaí a sholáthar a fhreastlóidh ar riachtanais cúraim na leanaí a bhfuil a dtuismitheoirí ar obair nó a bhfuil amchláir oideachais acu nach réitíonn le hamchláir na scoile. D'fhonn lánaghaidh a thabhairt ar an mbearna idir uaireanta scoile agus amchláir tuismitheoirí, tharlódh sé gur ghá seirbhís chúraim leanaí dá short chun freastal ar riachtanais chúraim leanaí roimh thosú scoile ar maidin, tar éis chríochnú scoile tráthnóna, agus le linn laethanta saoire scoile agus clabhsúir réamhphleanáilte scoile.

- C.5 Arís, sa suíomh Éireannach, d'fhéadfaí cúram leanaí scoile a sholáthar lasmuigh d'uaireanta scoile nó nuair nach féidir le tuismitheoirí cúram pearsanta a thabhairt dóibh, de bharr dualgas fostaíochta nó oideachais agus oiliúna, le cabhair feighlí leanaí (gaolmhar nó neamhghaolmhar, ar bhonn foirmeálta nó neamhfhoirmeálta), nó i suíomh grúpa. In Éirinn cloistear go minic téarmaí ar nós Cúraim Iarscoile, Cúraim As-Scoile, Clubanna Iarscoile, Scéimeanna Samhraidh, Clubanna Oibre Baile i leith seirbhísí a fhreastlaíonn ar riachtanais tuismitheoirí na leanaí scoile. Díorthaítear roinnt de na téarmaí seo go díreach ó na teidil a thugtar ar sheirbhísí i dtíortha eile.
- C.6 Chun críocha na Tuarascála seo agus na moltaí inti, déanann an Grúpa Oibre sainiú ar Chúram Leanaí d'Aois Scoile mar

“Cúram leanaí a chuirtear ar fáil do leanaí scoile lasmuigh de ghnáthuaireanta scoile, sa chás go bhfreastlaíonn na leanaí céanna ar an áis chúraim leanaí go rialta, agus go bhfuil rochtain ar an tseirbhís sainithe go soiléir trí chomhaontú idir tuismitheoirí agus caomhnóirí”

D. Soláthar reatha i leith Cúraim Leanaí d'Aois Scoile in Éirinn agus in Áiteanna Eile.

- D.1 Cé gur tháinig méadú suntasach ar sholáthar ionad cúraim leanaí réamhscoile in Éirinn le blianta beaga, níor tharla an méadú céanna ar sholáthar ionad a d'fhreastlódh ar riachtanais cúraim leanaí d'aois scoile lasmuigh d'uaireanta scoile. Dá thoradh, tá teorainn leis na roghanna atá ag bunús tuismitheoirí na hÉireann chun freastal lasmuigh d'uaireanta scoile ar riachtanais cúraim na leanaí atá ar scoil acu. Le fírinne, is é an t-easnamh seo is bunchúis leis an nGrúpa Oibre reatha.
- D.2 Cuireadh go mór leis an eolas faoi Chúram Leanaí d'Aois Scoile in Éirinn nuair a d'fhoilsigh an Príomh-Oifig Staidrimh in Iúil 2003 torthaí an mhodúil speisialta faoi Chúram Leanaí a seoladh mar chuid den Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil na dTheaghlach ag deireadh 2002. Léiríonn an Suirbhé go mbaineann 67,500 teaghlach ina bhfuil leanaí bunscoile leas as cúram leanaí neamhthuismitheora dá leanaí. As na teaghlaigh seo, bhí an mháthair nó caomhnóir ag 62,600 teaghlach (i gcás teaghlaigh aontuismitheora) i bhfostaíocht, agus gan ach 1,100 máthair/caomhnóir ag gabháil d'oideachas. Ar bhonn na dtáblaí, meastar go bhfaigheann thart ar 125,000 leanbh bunscoile cúram leanaí neamhthuismitheora. (Ós rud é go ndearnadh an suirbhé le linn téarma, léiríonn sé an úsáid théarmach a bhaintear as cúram leanaí).
- D.3 Ag casadh arís ar an 67,500 teaghlach a úsáideann cúram leanaí neamhthuismitheora dá bpáistí bunscoile, fuair suirbhé an POS amach gur bhain 31,100 duine (46 faoin gcéad) leas as gaolta gan phá; bhain 21,500 (32 faoin gcéad) leas as cúramóirí ar phá; bhain 4,100 (6 faoin gcéad) leas as creiseanna agus d'úsáid 2,900 (3 faoin gcéad) áiseanna eile, le haghaidh cúraim leanaí.
- D.4 Tá difríocht idir na struchtúir agus socrúithe le Cúram Leanaí d'Aois Scoile a sheachadadh i measc Bhallstáit an Aontais Eorpaigh. Choimisiúnaigh agus d'fhoilsigh Gréasán an Choimisiúin Eorpaigh um Chúram Leanaí agus Bearta eile Réitithe idir Dualgais Fostaíochta agus Teaghlaigh, athbhreithniú cuimsitheach ar na seirbhísí atá ar fail i mBallstáit an AE, cé gur i 1996 a tharla sin. Cuimríonn an tAthbhreithniú an staid ag an am mar a leanas:

“Tá beartas láidir onghníomhach agus ardleibhéil soláthair ag roinnt tíortha, go sonrach an Danmhairg, an Fhrainc agus an tSualainn. I mBallstáit eile, tá na seirbhísí méadaithe le

blianta beaga ó bhunlíne íseal (mar shampla, Lucsamburg agus an Phortaingéil); i roinnt cásanna (mar shampla, san Ísiltír, i bPobal Fléimeanach na Beilge agus sa RA) mar fhreagra ar thionscnaimh gearrthéarmacha rialtais le seirbhísí a chothú. I roinnt tíortha, is beag comhartha atá ann go fóill go bhfuil forbairt shuntasach á déanamh ar sheirbhísí foirmeálta le haghaidh cúraim leanaí d'aois scoile, mar shampla, Éire, an Iodáil agus an Spáinn.”

- D.5 Tá an Nua-Shéalainn agus an Astráil chun tosaigh i measc tíortha an Béarla i bhforbairt cúraim leanaí d'ardchaighdeán, agus tá siad cuid mhaith chun tosaigh, freisin, ina smaointe faoi chúram leanaí d'aois scoile.
- D.6 D'athbhreithnigh an Grúpa Oibre ábhar as ocht dtír chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcleachtas idirnáisiúnta reatha maidir le cúram leanaí d'aois scoile a sheachadadh.

E. An Gá le Cúram Leanaí d'Aois Scoile in Éirinn.

- E.1 In am mórathraithe geilleagraigh, ní furasta an t-éileamh ar Chúram Leanaí d'Aois Scoile in Éirinn a réamhaithris le haon mhórchruinneas. Tá mórathruithe tagtha ar mhargadh saothair na hÉireann le blianta beaga, mar a fheicimid, agus éilíonn na brúnna geilleagair atá ag síorathrú, go bhfanfaidh líon méadaithe ban sa mhargadh saothair.
- E.2 Tá sonraí Oideachais ón bPríomh-Oifig Staidrimh (PSO) nasctha ag an nGrúpa Oibre le sonraí Shuirbhé Náisiúnta na dTeaghlach agus meastar go bhfuil thart ar 360,000 leanaí scoile faoi 15 bliana ag an 152,500 aonad teaghlach a bhfuil leanaí scoile acu le beirt thuismitheoirí ag obair, i gcás cúplaí agus, i gcás tuismitheoirí aonaracha, tuismitheoir ag obair. Nuair is eol an-chuid banfhostaithe a bheith ag obair go páirtaimseartha, is é is dócha ná go bhfuil gá ag a mbunús a bhfuil leanaí spleácha in aois bunscoile acu, le cúram leanaí le linn laethanta saoire na scoile.

F. Breisfhorbairt ar Chúram Leanaí d'Aois Scoile in Éirinn

- F1 Tá moltaí Sainghrúpa C2000 maidir le Cúram Leanaí á mbaint amach trí thógáil ar an raon seirbhísí atá ann cheana, le cabhair raoin deontas airgid atá ar fáil chun nua-áiseanna feabhsaithe a chruthú agus a chothú do chúram leanaí tríd an CCCL 2000-2006. Leis an gcur chuige seo, tá Sainghrúpa Oibre C2000 ag iarraidh tógáil ar na seirbhísí atá ann.
- F2 Is é dearcadh an Ghrúpa Oibre um Chúram Leanaí d'Aois Scoile, gur chóir cur chuige den sórt céanna a úsáid i gcás bhreisfhorbairt ar Chúram Leanaí d'Aois Scoile. Agus sin á mholadh aige, áfach, measann an Grúpa Oibre gur chóir na tionscadail atá sainithe do thacaíocht airgid, a dhíriú go cúramach ar riachtanais agus ar leasa leanaí a úsáideann an tseirbhís, trí sheirbhís ardchaighdeán a thabhairt a bhfuil a huairanta oscailte oiriúnach do riachtanais tuismitheoirí ar obair nó dóibh siúd a bhfuil cúrsaí oideachais nó oiliúna ar siúl acu.
- F3 Mar sin, molann an Grúpa Oibre, nuair atá tionscadail cúraim leanaí á meas do chúnaimh deontais, gur chóir an próiseas meastóireachta a dhíriú, inter alia, ar
- sheirbhís ardchaighdeán a sholáthar de réir na dtreoirilínte atá forbartha ag an nGrúpa Oibre;
 - sheirbhís chúraim leanaí a sholáthar ó cheann ceann na bliana a fhreastlaíonn ar riachtanas na dtuismitheoirí a ndualgais cúraim leanaí agus fostaíochta (nó oiliúna agus oideachais) a chomhcheangal; agus

- inbhuaine gheilleagrach an tionscadail.
- F.4** Molann an Grúpa Oibre go spreagfar go gníomhach na grúpaí seo a leanas le háiseanna cúraim leanaí d'aois scoile a fhorbairt:
- Grúpaí pobalbhunaithe/neamhbhrabúis, lena n-áirítear grúpaí reatha a bhfuil an cumas acu leathnú amach san earnáil chúraim leanaí seo ar feadh na bliana ar fad;
 - Údaráis bhainistíochta scoileanna a bhfuil an spás oiriúnaithe acu ina n-áitribh reatha d'áiseanna cúraim leanaí neamhspleácha a d'fhreagródh don chleachtas is fearr agus a bheadh ar fáil ó cheann ceann na bliana;
 - Údaráis bhainistíochta scoileanna a bhfuil talamh acu ar a bhfeádfaí áiseanna cúraim leanaí neamhspleácha a bhunú a d'fhreagródh don chleachtas is fearr agus a bheadh ar fáil ó cheann ceann na bliana;
 - Soláthróirí príobháideacha cúraim leanaí a bheadh sásta áiseanna cúraim leanaí a bhunú agus iad a bheith oscailte ó cheann ceann na bliana; agus
 - Áiseanna cúraim leanaí bunaithe ar an ionad oibre.
- F.5** Molann an Grúpa Oibre go ndéanfaí soláthar laistigh de Thionscnamh Feighlíochta Leanaí an CCCL le feighlithe leanaí a spreagadh chun cúram leanaí d'ardchaighdeán a sholáthar do leanaí scoile. Is cóir tacaí a sholáthar chun scoileanna na bhfeighlithe leanaí a fheabhsú agus soláthar ardchaighdeán cúraim leanaí ag feighlithe leanaí do leanaí scoile a mhéadú, dá réir sin.
- F.6** Molann an Grúpa Oibre go spreagfar na grúpaí a fuair cúnaimh deontais do sheirbhísí seisiúnacha cúraim leanaí faoin CCCL, chun a raon seirbhísí a mhéadú a thuilleadh, agus chun úsáid a n-áitreabh a uasmhéadú dá réir.
- F.7** Molann an Grúpa Oibre go dtabharfar tacaíocht phrímeála do ghrúpaí dá shórt chun costas na mbreismhíreanna caipitil is gá chun freastal ar an ngrúpa níos sine a chlúdach.
- F.8** Molann an Grúpa Oibre, freisin, go n-úsáidfear áitribh agus tailte scoileanna le cúram leanaí d'aois scoile a sheachadadh, sa chás go bhfuil údaráis bhainistíochta na scoileanna sásta na háitribh sin a chur ar fáil ar léas fadteármach nó ar ghealltanais fadteármach eile a chinnteoidh go mbeidh na háiseanna ar fáil ar feadh lín réasúnta blianta.
- F.9** Molann an Grúpa Oibre go mbeidh aon áis Chúraim Leanaí d'Aois Scoile a lonnaithear i suíomh scoile ar aonchaighdeán leis an ardsonraíocht leanbhdhírithe a mholtar i gcás áiseanna neamhspleácha d'aois scoile nó na gnéithe sin de chúram leanaí d'aois scoile atá i seirbhísí comhtháite.
- F.10** Molann an Grúpa Oibre go spreagfar lucht tionscadal tógála na nuascóileanna chun áis chúraim leanaí d'aois scoile a ionchorprú iontu.
- F.11** Molann an Grúpa Oibre go gceadófaí do sholáthróirí príobháideacha an chúraim leanaí, a fuair deontas cheana féin d'áitreabh amháin, iarratas a dhéanamh ar bhreistacaíocht phrímiúchta don áitreabh céanna, chun costas na mbreismhíreanna caipitil do sheirbhís chúraim leanaí d'aois scoile a chlúdach, ar acht go mbeidh an tseirbhís sin ar fáil ar feadh cúig lá na seachtaine agus caoga seachtain na bliana. (Bheadh maoiniú breise dá short faoi réir socraithe go gcomhlíonfar rialacha Chúnaimh Stáit an Aontais Eorpaigh, a leagann síos an t-uasmhéid cúnaimh deontais is féidir a sholáthar don earnáil phríobháideach)

G. Caighdeán an Chúraim Leanaí d'Aois Scoile

- G.1 Is léir don Ghrúpa Oibre um Chúram Leanaí d'Aois Scoile go bhfuil a chuid oibre á tionscnamh aige ag an am a bhfuil cúram leanaí d'aois scoile atá ionadhbhunaithe i dtús a ré in Éirinn. Dá réir sin, creideann an Grúpa Oibre go bhfuil Éire anois i riocht taobhú ó thus leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde don earnáil.
- G.2 Molann an Grúpa Oibre nach gcuirfear tacaíocht deontais ar fáil ach amháin do sholáthóirí cúraim leanaí atá sásta clár cúraim leanaí d'aois scoile a sheachadadh ar bhonn cuimsitheach, ag tabhairt aghaidh ar riachtanais shóisialta, fhisiciúla, fhorbartha, chaithimh aimsire agus chruthaíocha an linbh i dtimpeallacht shonasach chomhbhách.
- G.3 Tá roinnt phríomhghnéithe ann a chuireann le seachadadh an ardchaighdeáin seirbhíse i gcúram leanaí d'aois scoile. Cuimsíonn siadsan an clár gníomhaíochta agus an tábhacht a bhaineann le súgradh; an timpeallacht fhisiciúil; rialú cúraim leanaí d'aois scoile; oiliúint don earnáil; an gaol idir soláthróirí cúraim leanaí d'aois scoile, na cliantleanaí, a dtuismitheoirí agus, ó am go ham, na scoileanna.
- G.4 Is é dearcadh an Ghrúpa Oibre gur gá prionsabail fhollána a thacaíonn le cuimsitheacht agus le rannpháirtíocht mar bhonn le seirbhísí dá shórt. Tá tábhacht ar leith leis na coincheapa seo a leanas:
- Tá a gcearta laistigh den tseirbhís ag leanaí agus ag aosaigh.
 - Is cóir go mbeadh Cairt na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus um Straitéis Náisiúnta na Leanaí mar bhonn le hobair agus éiteas na seirbhíse.
 - Tá rochtain ar shaol na seirbhíse agus rannpháirt inti ar fáil ag gach páirtí leasmhar.
 - Foghlaimíonn agus fobhraíonn leanaí i gcomhthéacs pobail chomhbháigh a bhfuil meas aige ar a nirt indibhidiúla agus ar a nirt chomhcheangailte.
 - Cothaíonn naisc idir an leanbh, an teaghlach, an tseirbhís agus an mórphobal mothú aitheantais agus muintearais.
 - Cothaítear gaoil chómheasúla agus aithnítear go bhfuil siad ag croílár shaol na seirbhíse.
 - Déantar plé a bhfuil éifeacht léi idir leanaí, foireann agus tuismitheoirí.
 - Cloistear guth an linbh, bíonn meas air agus cuireann sé leis an tseirbhís.
 - Bíonn íogaireacht agus freagracht ag baint le hidirghníomhartha.
 - Cothaíonn éiteas agus cleachtas na seirbhíse meas ar ilghnéitheacht agus ar chomhionannas.
 - Bíonn an clár oiriúnach, ón taobh cultúrtha agus sóisialta de, do leanaí, do theaghlaigh agus don fhoireann atá páirteach sa tseirbhís.
 - Oibríonn an fhoireann agus na leanaí le chéile ar bhealaí atá measúil agus cuimsitheach.
 - Cosnaítear leanaí ar bhulaíocht agus ar dhrochíde.
 - Cuireann an timpeallacht deiseanna foghlama ar fáil.
 - Is cóir go soláthróidh an tseirbhís deiseanna le haghaidh eachtraí dearfacha a thacaíonn le foghlaim, forbairt agus dea-bhail cách.
 - Is cóir go gcothóidh an clár roghanna saoil sláintiúla.
 - Is cóir go dtairgfídh an clár deiseanna dúshláin agus fiontair.
 - Is cóir go mbeidh an clár tairbheach do leanaí ó thaobh caithimh aimsire agus oideachais de.
 - Is cóir go mbeidh leithne, doimhneacht agus cothromaíocht sa chlár.

- Is cóir go mbeidh meas ar an bhfoireann as an eolas, saineolas agus taithí saoil a thugann siad leo chuig an tseirbhís.
- Is cóir go dtacófar leis an bhfoireann a chur ar bhonn gairmiúil laistigh den tseirbhís.
- Is cóir go bhfreagróidh na cláir, beartais agus gnáthaimh do riachtanais na leanaí, teaghlach agus foirne.

H. An Clár Gníomhaíochtaí agus Tábhacht an tSúgartha.

H.1 Aithnítear an súgradh mar buncheart daonna ag gach leanbh. D'athdhearbhaigh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, a dhaingnigh Éire i 1992, tábhacht an tsúgartha. Leagann Alt 31 amach ceart súgartha an linbh.

"Aithníonn na páirtithe cearta an linbh chun sosa agus foillíochta, a bheith páirteach in imeachtaí súgartha agus caithimh aimsire atá oiriúnach d'aois an linbh agus saorpháirt a ghlacadh sa saol cultúrtha agus sna healaíona: caithfidh páirtithe ómós a thabhairt do chearta an linbh a bheith lánpháirteach sa saol cultúrtha agus ealaíonta agus soláthar comhdheiseanna cuí a spreagadh le haghaidh imeachtaí cultúrtha, ealaíonta, caithimh aimsire agus foillíochta."

H.2 Tacaíonn an Grúpa Oibre go hiomlán leis an dearcadh go bhfuil áit lárnach ag an súgradh i bhfás agus i bhforbairt shláintiúil leanaí. Mar sin de, tá an Grúpa Oibre ag déanamh gur gá go mbeadh fócas láidir ar shúgradh mar chroíphrionsabal agus, le fírinne, mar thréith shonrach de chúram leanaí d'aois scoile.

H.3 Molann an Grúpa Oibre go bpleanálfaidh agus go soláthróidh an tseirbhís chúraim leanaí d'aois scoile raon deiseanna agus gníomhaíochtaí súgartha a chothóidh forbairt achmainní sóisialta, fisiciúla, intleachtúla, cruthaíocha agus mothúcháin na leanaí.

H.4 Molann an Grúpa Oibre go gcuirfidh an tseirbhís chúraim leanaí d'aois scoile tréimhse ama ar leataobh gach seachtain chun cabhrú le leanaí agus le cleachtóirí oibriú le chéile chun imeachtaí san am atá thart a athbhreithniú agus chun clár imeachtaí a fhorbairt don tseachtain le teacht.

H.5 Molann an Grúpa Oibre gur chóir don áis chúraim leanaí, agus cúrsaí súgartha leanaí a bpleanáil, meascán deiseanna saorshúgartha agus súgartha struchtúrtha a thairiscint.

H.6 Cé go bhfuil Clubanna d'Obair Bhaile lasmuigh de scóip na Tuarascála seo, go minic soláthraíonn seirbhísí cúraim leanaí d'aois scoile, mar chuid dá raon seirbhísí, áiseanna, cabhair agus maoirsiú do leanaí chun obair bhaile a chríochnú. Cé go nglacann an Grúpa Oibre go bhféadfadh an tacaíocht d'obair bhaile a bheith mar chuid de raon imeachtaí laistigh de sheirbhís chúraim leanaí d'aois scoile, molann sé nach mbeidh an tacaíocht d'obair bhaile ina chroí-imeacht ag seirbhís chúraim leanaí d'aois scoile. Molann an Grúpa Oibre go mbeidh sé fíor-thábhachtach plé a dhéanamh le tuismitheoirí agus leanaí maidir le hobair bhaile.

H.7 Molann an Grúpa Oibre gur cóir ionad a dhéanamh don fhiontraíocht i suíomh cúraim leanaí d'aois scoile, faoi chúinsí a chuimseoidh:

- dea-chleachtas;
- maoirsiú cuí;

- feasacht maidir le cumais an linbh;
- gníomhaíochtaí cuí;
- cumarsáid agus muinín idir tuismitheoirí agus an soláthróir, agus idir an leanbh agus an soláthróir;
- oiliúint agus cáilíochtaí ábhartha don soláthróir gníomhaíochta;
- measúnú priacail i gcás gníomhaíochta diongbháilte; agus
- cumhdach árachais cuí.

H.8 Molann an Grúpa Oibre go nglacfaidh cleachtóirí cúraim leanaí d'aois scoile leis na prionsabail idirchultúir agus ilghnéitheachta atá ag Sainghrúpa Oibre C2000, sa chlár imeachtaí agus dearchtaí atá á fhorbairt acu ina n-áiseanna. Is cóir sin a bheith cuimsitheach, sa mhéid go gcuimsíonn sé daoine le riachtanais speisialta agus daoine a bheadh imeallaithe ina easnamh, de bharr míchumais nó a mballraíocht i ngrúpa eitneach mionlaigh, lena n-áirítear an Lucht Taistil.

H.9 Molann an Grúpa Oibre go mbeidh meas ag an áis chúraim leanaí d'aois scoile ar éiteas ilghnéitheach an tsochaí Éireannaigh, agus go mbeadh cur chuige dearfach aici i leith na Gaeilge agus chultúr na hÉireann.

I. Príomhcheisteanna eile a bhfuil Tionchar acu ar Sheirbhís Ardchaighdeáin.

I.1 Déanann an Grúpa Oibre na moltaí seo a leanas maidir le dearadh fisiciúil áise le haghaidh cúraim leanaí d'aois scoile:

- Is cóir go dtairgfídh an áis timpeallacht gheal theolaí;
- Is cóir go mbeidh sí inrochtana ag leanaí faoi mhíchumais;
- Is cóir go mbeidh raon seomraí nó limistéar aici a éascóidh níos mó ná gníomhaíocht amháin ag an leanbh nó ag grúpa leanaí san am céanna;
- Is cóir go soláthróidh sí leordhóthain spáis inmheánaigh chun gníomhaíochtaí níos fisiciúla, lena n-áirítear spóirt agus drámaíocht, a éascú nuair is cuí;
- Is cóir go soláthróidh sí limistéar ciúin don léitheoireacht, d'imeachtaí bordbhunaithe agus d'obair bhaile;
- Is cóir go ndearfar gach limistéar ar shlí gur féidir maoirsiú éasca neamhbhuannúil a dhéanamh air.
- Is cóir go mbeidh solas nádúrtha ar fáil i ngach seomra, oiread agus is féidir;
- Is cóir go mbeidh rochtain ag gach áis ar limistéar súgartha lasmuigh;
- Is cóir go mbeidh stóras sásúil ag gach áis chun an limistéar a choinneáil chomh saor ó thranglam agus is féidir;
- Is cóir í a bheith glan, dea-choinnithe;
- Is cóir í a bheith dea-inslithe chun teas agus ciúnas a choinneáil;
- Is cóir go gcuimseoidh sí limistéar cistine inar féidir bia agus deochanna te a ullmhú agus a stóráil do leanaí tar éis an lae scoile;
- Is cóir go mbeidh áiseanna leithris cuíchóirithe inti.

I.2 Molann an Grúpa Oibre go n-ullmhóidh gach áis le haghaidh cúraim leanaí d'aois scoile ráiteas a chuimseodh beartais agus gnáthaimh chuimsitheacha sláinte agus sábháilteachta a bhaineann, *inter alia*, le

- Sainaitint, láimhseáil agus tuairisciú timpistí;
- Leas agus cosaint leanaí;
- Breoiteachtaí;
- Cleachtais Chéadchabhrach;

- Maoirseacht;
- Úsáid trealaimh inghuaise;
- Seiceáil rialta ar shábháilteacht trealaimh;
- Fadhbanna iompair; agus
- *Cleachtais sláinteachais.*

- I.3 Ag teacht leis na Treoirlínte Náisiúnta Leanaí ar dTús maidir le Cosaint agus Leas Leanaí agus “Ár nDualgas Cúraim”, is cóir do gach soláthróir cúraim leanaí a gháthaimh agus treoracha áitiúla féin a fhorbairt chun plé le cosaint leanaí agus is cóir na gnáthaimh seo a chur in iúl do gach ball foirne sa tslí go mbeidh siad feasach orthu.
- I.4 Is cóir go mbeidh leorchlúdach árachais ag gach áis chúraim leanaí chun soláthar a dhéanamh do gach teagmhas. Is cóir go mbeidh idir bhainistíocht agus foireann feasach ar árachas na háise, agus gach imeacht nach dtagann faoi théarmaí an árachais sin a sheachaint.
- I.5 Molann an Grúpa Oibre go gcuirfear gnáthaimh i bhfeidhm i ngach suíomh, chun spiorad an chomhoibrithe a chothú idir tuismitheoirí agus bainisteoirí seirbhíse agus cleachtóirí cúraim leanaí; chun roinnt leanúnach an eolais le tuismitheoirí a éascú; agus chun rochtain na dtuismitheoirí a éascú i ngach am cuí ar an áis chúraim leanaí d’aois scoile agus ar na cleachtóirí.
- I.6 Ina chuid oibre i 1999, phléigh Sainghrúpa Oibre C2000 argointí i bhfabhar agus in aghaidh faisnéise agus clárúcháin cúraim leanaí, agus rinne sé cinneadh i bhfabhar clárúcháin, á chur seo a leanas in iúl:
- “Éilíonn clárúchán ar an Stát seirbhís a chlárú nó a cheadúnú ó thaobh caighdeán íosta a shásamh. Tugann sé cumhacht don Stát freisin clárúchán a dhiúltú agus ceadáíonn sé athbhreithniú bliantúil.”*
- I.7 Ba de thoradh an dearcaidh seo a rinneadh an Sainghrúpa Oibre a chéad mholadh, atá formhuinithe agus athluaite ag an nGrúpa Oibre um Chúram Leanaí d’Aois Scoile, a mholann leasú ar an reachtaíocht phríomhúil (an tAcht um Chúraim Leanaí, 1991) d’fhonn rialú an chúraim leanaí d’aois scoile a chuimsiú.
- I.8 Maidir le hábhar aon Rialachán nó Treoirlínte nua le haghaidh Rialú Deonach na hEarnála um Chúram Leanaí d’Aois Scoile, molann an Grúpa Oibre go gcaighdeánófar é i dtreo go leanfar go dlúth na rialacha agus na treoirlínte a nochtfar tar éis athbhreithniú reatha na Roinne Sláinte agus Leanaí.
- I.9 Molann an Grúpa Oibre go mbeidh coibhneas 1 aosach in aghaidh 8 leanaí i gceist do chúraim leanaí d’aois scoile atá ionadbhunaithe.
- I.10 Cé gur luadh cheana gur gá an reachtaíocht phríomhúil a leasú le nach gcuirfidh sí bac ar rialú cúraim leanaí d’aois scoile, molann an Grúpa Oibre go gceapfar cód de chaighdeáin dheonacha agus go bhfeidhmeofar próiseas faisnéise deonach chun go mbeidh ar chumas áiseanna le haghaidh cúraim leanaí d’aois scoile, faisnéis a thabhairt dá mBoird Sláinte. Spreagfadh seo na háiseanna le caighdeáin arda a bhaint amach agus a choinneáil, agus ardchaighdeán cúraim leanaí a sholáthar dá bharr.
- I.11 Faoina théarmaí tagartha, iarradh ar an nGrúpa Oibre treoirlínte a fhorbairt don earnáil. Tá siadsan forbartha anois ar bhonn moltaí na tuarascála seo agus luaitear iad in aghaidh leis an tuarascáil. In éagmais rialú na hearnála cúraim leanaí d’aois scoile,

molann an Grúpa Oibre go n-úsáidfear na treoirlínte seo mar chaighdeán cáilíochta trínar féidir iarratais ar chúnamh deontais faoin CCCL a mheas agus go bhforbrófar a thuilleadh iad mar chaighdeán deonach don earnáil chúraim leanaí d'aois scoile.

- I.12 Molann an Grúpa Oibre um Chúram Leanaí d'Aois Scoile go gcuirfidh Coistí Cúraim Leanaí na Cathrach/an Chontae, nuair is cuí, riachtanais iompair na ngrúpaí cúraim leanaí in iúl do thionscadail an Tionscnaimh Iompair Thuaithe ina gcondaetha ar leith.
- I.13 Molann an Grúpa Oibre um Chúram Leanaí d'Aois Scoile go dtionscnóidh an Roinn Iompair reachtaíocht maidir le gnáthaimh sábháilteachta agus maidir le árachas chun sainghrúpaí daoine (leanaí san áireamh) a iompar.
- I.14 Molann an Grúpa Oibre um Chúram Leanaí d'Aois Scoile go ndéanfaidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta athbhreithniú ar rialacha na Scéime Iompair Scoile, d'fhonn an soláthar iompair ó scoileanna chuig áiseanna cúraim leanaí d'aois scoile a éascú.

J. Oiliúint le haghaidh Cúraim Leanaí d'Aois Scoile

- J.1 Tharraing an Grúpa Oibre aird ar an oiliúint a thugtar do chleachtóirí an Chúraim Leanaí d'Aois Scoile i roinnt tíortha eile. Thug sé faoi deara, freisin, an cur chuige maidir le hoiliúint agus an gnó a chur ar bhonn gairmiúil sa Chreatdoiciméad Eiseamlarach a d'ullmhaigh Fo-Ghrúpa Chomhlachtaí Deimhnithe an CCNCL.
- J.2 Is é dearcadh an Ghrúpa Oibre gur chóir go mbeidh na cumais ghairmiúla seo a leanas ag cleachtóir an chúraim leanaí d'aois scoile chun feidhmiú go héifeachtach in earnáil an chúraim leanaí d'aois scoile:

An cumas le

- dea-chleachtas a fhorfheidhmiú agus oibriú go héifeachtach i suíomh leanaí d'aois scoile;
 - sainról chleachtóir an chúraim leanaí d'aois scoile a thuiscint;
 - a bheith eolach ar threoirlínte agus ar ghnáthaimh chosanta leanaí agus ábalta iad a fhorfheidhmiú nuair is ábhartha;
 - cuidiú le pleanáil, forfheidhmiú agus measúnú thimpeallacht an chúraim leanaí d'aois scoile;
 - gach gné d'fhorbairt, d'oideachas agus de chúram leanaí a thuiscint agus a chothú;
 - féiniúlacht agus ilghnéitheacht a aithint agus a chothú i ngach leanbh, agus idir chomhdhiseanna agus cleachtas frithleatrom a chothú;
 - oibriú go héifeachtach mar chuid d'fhoireann;
 - a thuiscint go bhfuil sé tábhachtach comhairle a ghlacadh le leanaí, tuismitheoirí agus comhghleacaithe;
 - naisc a bhunú agus a choinneáil idir scoileanna, seirbhísí eile a bhféadfadh leanaí rochtain orthu (spórt, rince etc.), agus an mórfhobal;
 - a bheith feasach ar gach reachtaíocht maidir le leanaí, comhionannas, leatrom agus sláinte is sábháilteacht, agus in ann iad a fhorfheidhmiú nuair is ábhartha; agus
 - gach taifead ábhartha a bhunú agus a choinneáil.
- J.3 Tá luaite cheana ag an nGrúpa Oibre go bhfuil sé tábhachtach go n-aithreofaí riachtanais

forbartha speisialta na leanaí a bhfuil cúram leanaí d'aois scoile á fháil acu. Éilíonn cothú na riachtanas seo go mbeadh sraith scileanna speisialta ag cleachtóir an chúraim leanaí d'aois scoile. Is é dearcadh an Ghrúpa Oibre é gur chóir go mbeadh na scileanna seo a leanas ag cleachtóir an chúraim leanaí d'aois scoile d'fhonn feidhmiú go héifeachtach in earnáil an chúraim leanaí d'aois scoile.

An scil chun

- gaol a chothú le leanaí, a dtuismitheoirí agus a gcúramóirí;
- riachtanais forbartha éagsúla leanaí agus daoine óga atá ag baint leasa as an tseirbhís le haghaidh cúraim leanaí d'aois scoile a thuiscint agus a chothú;
- tacú le rannpháirt agus bainteachas leanaí le saol na seirbhíse;
- timpeallacht shábháilte spreagúil a chinntiú;
- neamhspleáchas linbh a aithint agus é á nochtadh, agus soláthar a dhéanamh dó;
- féiniúlacht a chothú, ag cur riachtanais an linbh i gcothromaíocht le cuid an ghrúpa;
- iompar cothrom comhbhách a chothú;
- feasacht chultúrtha an linbh a fhorbairt; agus
- cumas roghnaithe agus féinmhuinín a chothú.

J.4 Molann an Grúpa Oibre go bhforbrófar sainchineál oiliúna a chumasóidh cleachtóirí cúraim leanaí le seirbhís ardchaighdeán a sholáthar a fhreastlóidh ar an ngrúpa leanaí níos sine, ó cheithre bhliana go dhá bhliain déag, ar chosúil go mbainfidh siad leas as cúram leanaí d'aois scoile. Ag cur san áireamh nádúr caithimh aimsire an chúraim leanaí d'aois scoile, is cóir go mbeadh fócas éifeachtach praiticiúil ag na cláir oiliúna atá le forbairt, cé go bhfuil sé tábhachtach go gcuirfí san áireamh, freisin, an t-ábhar teoiriciúil atá fíor-riachtanach chun cleachtóirí cúraim leanaí dea-oilte a ullmhú agus chun cúram leanaí d'aois scoile a chur ina chomhthéacs cuí.

J.5 Molann an Grúpa Oibre go gcuimseofaí na scileanna agus an t-eolas seo a leanas sna cúrsaí agus modúil atá le forbairt d'earnáil an Chúraim Leanáí d'Aois Scoile:

- Cleachtas ardchaighdeán i gcúram leanaí d'aois scoile;
- Súgradh agus gníomhaíochtaí;
- Forbairt an linbh;
- Sláinte agus sábháilteacht, lena n-áirítear cosaint an linbh;
- Taithí oibre;
- Ról cleachtóirí an chúraim leanaí d'aois scoile; agus
- Forbairt ghairmiúil phearsanta.

K. An Bealach Chun Cinn

K.1 Molann an Grúpa Oibre go rachfar i mbun feachtais chun tuiscint ar earnáil an chúraim leanaí d'aois scoile a mhéadú, feasacht a chothú faoin gcúnamh deontais atá ar fáil, agus grúpaí pobail, scoileanna agus údaráis bhainistíochta agus na cleachtóirí cúraim leanaí atá ann, idir ghrúpaí pobail agus soláthróirí príobháideacha, a chothú agus a spreagadh chun smaoineamh ar na seirbhísí fíor-riachtanacha seo a fhorbairt.

K.2 Is eol don Ghrúpa Oibre go bhfuil sainordú láidir ag na Coistí Cúraim Leanáí Cathrach/Contae ón gCoiste Comhordaithe Náisiúnta um Chúram Leanáí, feidhmiú le lucht leasa

áitiúil chun cúram leanaí a fhorbairt a fhreastlóidh ar na riachtanais áitiúla maidir le cúram leanaí. Molann an Grúpa Oibre go n-iarrfar ar na Coistí Cúraim Leanaí Cathrach/Contae ról suntasach a ghlacadh ag obair agus ag tacú le grúpaí pobail, le soláthróirí cúraim leanaí príobháideacha agus le húdaráis scoileanna ar fud a gcathracha/gcontaetha, d'fhonn áiseanna le haghaidh cúraim leanaí d'aois scoile a fhorbairt a fhreastlóidh ar na riachtanais chúraim leanaí atá ag tuismitheoirí atá i bhfostaíocht, in oideachas agus in oiliúint, agus a dteastaíonn cúram leanaí lasmuigh d'uaireanta scoile uathu dá leanaí atá ar scoil.

K.3 Molann an Grúpa Oibre go gcothóidh na Coistí Cúraim Leanaí Cathrach/Contae agus na hEagraíochtaí Náisiúnta Deonacha um Chúram Leanaí, de réir mar is cuí, feasacht maidir leis na treoirlínte a d'fhorbair an Grúpa Oibre chun Earnáil ardchaighdeáin um Chúram Leanaí d'Aois Scoile a fhorbairt.

L. Treoirlínte

L.1 De réir a theármaí tagartha agus ar bhonn a chuid taighde agus na torthaí uaithe, tá treoirlínte forbartha ag an nGrúpa Oibre a leagann síos príomhtháscairí chun Seirbhís ardchaighdeáin um Chúram Leanaí d'Aois Scoile a fhorbairt a chabhróidh le grúpaí pobalbhunaithe neamhbhrabúis, agus le soláthróirí príobháideacha a smaoineodh ar tacaíocht dheontais a lorg chun seirbhísí a fhorbairt faoin gClár Comhdheiseanna um Chúram Leanaí 2000-2006.

L.2 Tá na treoirlínte le fáil in Aguisín 2.